Tá **Ard-Mhúsaem na hÉireann (NMI)** ag lorg iarratas ó iarrthóirí oiriúnacha chun an post mar Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála (Leibhéal Oifigigh Chléireachais) a líonadh in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo. Is post Lánaimseartha, Buan é seo. Líonfar an post seo trí agallaimh oscailte iomaíochta a dhéanamh.

**Teideal an Phoist**

Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála (VSO) (Leibhéal Oifigigh Chléireachais).

**Suíomh**

Beidh an sealbhóir poist lonnaithe in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo nó in aon suíomh eile de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann de réir mar a ainmneofar ó am go chéile ag an Stiúrthóir chun dualgais a chur i gcrích. D'fheadfadh sé a bheith riachtanach don Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála taisteal go láithreáin ar bith de chuid an Mhúsaeim.

**Ag obair faoi**

Beidh an t-iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ag obair faoin Oifigeach Saoráidí (Fáilteachas).

**Cuspóir an Phoist:**

Chun an tseirbhís laethúil a sholáthar do chuairteoirí agus chun seirbhísí sláinte agus sábháilteachta agus slándála a chur ar fáil ag Ard-Mhúsaem na hÉireann, Páirc Thurlaigh, Co. Mhaigh Eo.

**Dualgais agus Freagrachtaí**

**Ginearálta**

Oibreoidh an sealbhóir poist mar chuid d'fhoireann na nOifigeach Cuairteoirí agus Slándála. Oibríonn foireann an Oifigigh Cuairteoirí agus Slándála i gcomhar leis na foirne Glantacháin, Slándála, Miondíola, Oideachais, Tráchtála agus Bailiúchán in Ard-Mhúsaem na hÉireann agus Seirbhísí Eispéiris Cuairteoirí, Slándála agus Sláinte agus Sábháilteachta á soláthar.

**Seirbhísí do Chuairteoirí**

Mar bhall den fhoireann VSO agus é/i ag obair i gcomhar le foirne fáilteachais eile, soláthróidh an sealbhóir poist na seirbhísí seo a leanas:

- Faisnéis agus cúnamh a chur ar fáil don chuairteoir, ionas go ndéanfar eispéireas an chuairteora a shaibhriú ag suíomhanna NMI.
- Pleananna urláir, ábhair oideachais agus ábhair faisnéise eile a dháileadh ar chustaiméirí.
- I gcomhar leis an bhfoireann ghlantacháin spásanna sa ghailearaí a ullmhú don phobal ar cuairt m.sh. ag cinntiú go bhfuil soilse, trealamh TF ag obair.
- Rith maith imeachtaí a chinntiú i gcomhar leis na foirne Coimeádaíochta, Margaíochta, Oideachais agus Tráchtála.
- Fadhbanna cothabhála/glantacháin ar bith a thuairisciú don Oifigeach Saoráidí.
- Dualgais ar bith eile atá oiriúnach don ról.

**Seirbhísí Slándála**

Mar bhall den fhoireann VSO, soláthróidh an sealbhóir poist na seirbhísí seo a leanas:

- Nósanna imeachta agus cleachtais slándála NMI a oibriú m.sh. ag plé le teagmhais slándála.
- Trealamh slándála a oibriú agus seiceálacha a dhéanamh ar threalamh. Áireofar leis sin obair a dhéanamh i seomraí slándála NMI agus córais TCI agus aláraim a oibriú.
- Maoirseacht ar chonraitheoirí agus ar sholáthraithe seirbhísí.
- Teagmhais a thaifeadadh agus a thuairisciú.
- Fabhtanna i gcórais/trealamh a thaifeadadh agus a thuairisciú don Oifigeach Saoráidí.
- Dualgais ar bith eile atá oiriúnach don ról.

**Seirbhísí Sláinte agus Sábháilteachta**
Mar bhall den fhoireann VSO, soláthróidh an sealbhóir poist na seirbhísí seo a leanas:

- Nósanna imeachta agus cleachtais sláinte agus sábháilteachta a oibriú.
- Páirt a ghlacadh i gcleachtadh aslonnaithe dóiteáin.
- Bheith ina maoir dóiteáin don ghailearaí.
- Seiceálacha a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar threalamh agus iad a thaifeadadh.
- Bheith ina ngarchabhróirí.
- Teagmhais agus fadhbanna a thuairisciú don Oifigeach Saoráidí.
- Bheith ina c(h)uid de fhreagairt éigeandála an Mhúsaeim de réir mar is iomchuí.
- Dualgais ar bith eile atá oiriúnach don ról.

**Oibríochtaí**
Mar bhall den fhoireann VSO, déanfaidh an sealbhóir poist an méid seo a leanas:
- Cloífidh sé/sí le huainchláir/sceidil
- Clúdach agus tacaíocht a sholáthar do bhaill fhoireann na Seirbhísí do Chuairteoirí ag suíomhanna NMI eile de réir mar is gá.

**Ag cur le NMI a fhorbairt agus le malartú faisnéise**
Beidh ionchur ag an sealbhóir poist agus cuirfidh sé/sí le forbairt straitéisí, nósanna imeachta beartais agus cleachtais NMI tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
- Ag freastal ar chruinnithe foirne
- Ag freastal ar imeachtaí forbartha NMI
- Ag comhoibriú le tabhairt isteach teicneolaíochtaí, córas agus nósanna imeachta nua

**Oiliúint agus Forbairt**
- Ag freastal agus ag glacadh páirt i gcúrsaí oiliúna, mar shampla; Garchabhair, Dífhibrileoirí, seirbhís do chuairteoirí/chustaiméirí, TFC agus oiliúint eile a mheastar a bheith iomchuí don ról agus d'fhorbairt phearsanta an tsealbhóra poist.

**Sonraíocht phearsanta:**
**Bunriachtanais**
- Taithí ar sheirbhísí sármhaithe a chur ar fáil do chustaiméirí agus obair á déanamh le raon éagsúil custaiméirí ag a raibh riachtanais éagsúla. An cumas riachtanais na gcustaiméirí a réamh-mheas agus riachtanais na gcustaiméirí a réiteach.
- Taithí ar sheirbhísí slándála a chur i gcrích, agus ar sheirbhísí sláinte agus sábháilteachta mar phríomhdhualgas róil nó mar ghné de ról.
- An cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla, labhartha agus scríofa araon, agus an cumas obair a dhéanamh mar bhall foirne.

- Tiomantas don fhorbairt phearsanta; toilteanas oiliúint a dhéanamh agus scileanna nua a ghnóthú.
- Cur chuige solúbtha maidir le hobair.
- Oiriúnach ó thaobh a c(h)arachtair de. Ní mór d'iarrthóirí sonraí beirt mholtóirí ar a laghad a chur ar fáil.
- Go hiomlán inniúil agus ar fáil chun tabhairt faoi na dualgais a bhaineann leis an bpost.
- Deimhniú CETR (Ceadúnas Eorpach Tiomána Ríomhairí) nó a choibhéis i seilbh aige/aici.

**Tá na cáilíochtaí seo a leanas inmhianaithe (ach níl siad bunriachtanach)**

- Taithí ar chórais slándála agus sábháilteachta nó córais eile bunaithe ar TFC a úsáid.
- Taithí ar sheirbhísí do chuairteoirí a sholáthar san earnáil chultúrtha.
- Líofacht sa Ghaeilge.

Beidh ar dhaoine ar mhian leo a bheith ceaptha don phost seo na hinniúlachtaí seo a leanas a bhaineann leis an bpost mar Oifigeach Cuairteoirí agus Slándála (Leibhéal Oifigigh Chléireachais) a léiriú. Beidh na hinniúlachtaí seo mar bhonn agus taca faoi na hagallaimh leath-struchtúrtha:

**Obair Foirne**
**Bainistiú/Próiseáil Faisnéise**
**Torthaí a Bhaint Amach**
**Seirbhís do Chustaiméirí & Scileanna Cumarsáide**
**Saineolas agus Féinfhorbairt**
**Dúthracht & Tiomantas do Luachanna na Seirbhíse Poiblí**

*Soláthraítear sainmhínithe ar gach ceann de na hinniúlachtaí sin in Aguisín 3*.

